C/2025/4515

11.8.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2025/4515)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Tá an tsonraíocht táirge dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ([2]) le fáil i gclár an Aontais um thásca geografacha

DOICIMÉAD AONAIR

‘Maraş Çöreği’

Uimh. AE: PGI-TR-02597 — 16.3.2020

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

‘Maraş Çöreği’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Tuirc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 2.3 Arán, taosrán, cácaí, milseogra, brioscaí agus earraí eile báicéara.

Cód Ainmníochta Comhcheangailte

— 1905 - Arán, taosrán, cácaí, brioscaí agus táirgí eile báicéirí, bíodh cócó iontu nó ná bíodh; abhlanna, capsúil fholmha de chineál atá oiriúnach d’úsáid chógaisíochta, sliseoga séalaithe, rísphápéar agus táirgí comhchosúla

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is briosca áitiúil é ‘Maraş Çöreği’ atá bia-shonrach do Kahramanmaraş mar gheall ar a chomhábhair agus ar a theicníc bácála. Bíonn sé déanta as plúr, margairín, salann, síolta *Nigella sativa*, giosta úr agus uisce.

Saintréithe fisiceacha: brioscaí cruinne ar dhath an uachtair idir 10 cm agus 15 cm ar trastomhas, agus dromchla atá bearnaithe go hiomlán orthu. Is é 8 mm meántiús an ‘Maraş Çöreği’ tar éis é a chócaráil.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 2343, 14.12.2012, lch. 1.)

Comhábhair le haghaidh ‘Maraş Çöreği’:

Comhábhair	Méid
Plúr	10 Kg
Margairín	4 Kg
Salann	120-130 Gr
síol *Nigella sativa*	20-30 Gr
Giosta úr	250 g
Uisce	4 l

Dea-bholadh: síol *Nigella sativa* agus salann

Blas: beagáinín goirt

Dath: dath órga uachtarúil

Uigeacht: pacáilte agus gráinneach

Cruth: cruinn agus gearrthacha ar an dromchla

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Plúr: Plúr cruithneachta caighdeánach

Margairín: Margairín atá glasra-bhunaithe

Salann: Salann mínghránaithe

Síolta *Nigella sativa*: Úr, saor ó chrotail iarmharacha nó ó ábhar planda

Giosta: Giosta beo úr

Uisce: Úr agus inólta

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór ullmhú an taois, foirmiú, bácáil agus fuarú ‘Maraş Çöreği’ a dhéanamh laistigh den limistéar geografach. Ní mór an crann fuinte a úsáidtear chun ‘Maraş Çöreği’ a tháirgeadh a bheith déanta as adhmad crainn shleamhain, toisc go soláthraíonn sé saintréithe sonracha, de chineál uigeach agus struchtúrach, a rannchuidíonn le sainiúlacht an táirge. Áirithíonn an teicníc rollta uathúil sin go mbíonn na gearrthacha saintréitheacha ar comhartha sóirt iad d’uigeacht deiridh ‘Maraş Çöreği’ ann. Ní mór é a bhácáil in oigheann cloiche adhmadbhreoslaithe ina n-úsáidtear adhmad darach.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Is féidir ‘Maraş Çöreği’ a chur ar an margadh de réir meáchain nó de réir coda i dtráidirí nó i bpacáistí cláraithe. Má bhíonn sé pacáistithe, is féidir boscaí cairtchláir a úsáid, ach ní mór iad sin a líneáil le scragall stáin nó le hábhar uiscedhíonach den chineál céanna.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an méid seo a leanas a bheith ar na lipéid:

— Ainm an ainmniúcháin ‘Maraş Çöreği’,

— Trádainm agus seoladh nó ainm gairid agus seoladh nó marc cláraithe an táirgeora,

— Lógó TGFC an Aontais Eorpaigh,

— An méid atá sa táirge, cóimheas na gcomhpháirteanna le glanmhéid an táirge, dáta tomhaltais molta, faisnéis stórála agus úsáide, sraithuimhir nó baiscuimhir, dáta táirgthe údaraithe.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is é an limistéar táirgeachta cúige Kahramanmaraş iomlán.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch bunaithe ar shaintréithe an táirge de thionscnamh an limistéir gheografaigh, ar thosca nádúrtha agus ar thosca daonna. Bácálann muintir Kahramanmaraş agus itheann siad méideanna móra 'Maraş Çöreği', go háirithe le linn Ramadan nuair a bhíonn daoine áitiúla ag déanamh troscaidh. Tá 'Maraş Çöreği' ina chuid dhílis de chultúr cócaireachta Kahramanmaraş leis na céadta blianta, agus léiríonn taifid stairiúla go bhfuil sé ann ó bhí tréimhse na nOtamánach ann. Go traidisiúnta, ullmhaítear é le linn Ramadan agus Eid al-Fitr agus tá ról ríthábhachtach aige i dtionóil reiligiúnacha agus i dtionóil shóisialta. San am a chuaigh thart, d'ullmhaíodh bean an tí 'Maraş Çöreği' sa bhaile lena thomhailt ag an teaghlach nó lena díol. Thugadh duine den teaghlach *çöreks* ullmhaithe chuig an mbácús áitiúil de ghnáth, agus d'fhanadh sé nó sí ansin go dtí go raibh siad bácáilte. Is minic a díoladh iad le siopaí taosráin agus le milseoirí chun ioncam an teaghlaigh a fhorlíonadh. Le 30 bliain anuas, tá 'Maraş Çöreği' á tháirgeadh ar bhonn tráchtála in Kahramanmaraş lena thomhailt ag an bpobal áitiúil. Tugtar 'Maraş Çöreği' d'aíonna freisin tar éis sochraidí de ghnáth.

Is iad príomhghnéithe 'Maraş Çöreği' a chruth, a fhoirmítear trí úsáid a bhaint as crann fuinte déanta as adhmad crainn shleamhain, a theicníc bhácála in oigheann cloiche ina n-úsáidtear adhmad darach, agus a thionscnamh stairiúil agus cultúrtha, eadhon Kahramanmaraş. Tá iomrá ar dhair, go háirithe dair cheirmise, gál-dair (*Quercus infectoria* fosp. *veneris*) agus dair Pheirseach (*Quercus brantii*), go raibh é chun tosaigh i bhforaoisí chathair Kahramanmaraş san am a chuaigh thart, agus sin an fáth a n-úsáidtear dair chun 'Maraş Çöreği' a bhácáil in oigheann cloiche.

Ní mór an crann fuinte a úsáidtear i dtáirgeadh 'Maraş Çöreği' a bheith 8 cm ar leithead agus 33 cm ar fad. Ní mór doimhneacht eitre agus raon an chrainn fuinte a bheith 0,5 mm. Ní mór é a bheith déanta as adhmad crainn shleamhain, toisc go soláthraíonn sé saintréithe sonracha, de chineál uigeach agus struchtúrach, a rannchuidíonn le sainiúlacht an táirge.

Táirgtear 'Maraş Çöreği' faoi dhálaí a bhaineann go sonrach leis an teorainn gheografach agus éilíonn sé scileanna a thógann tamall fada chun máistreacht a fháil orthu. Ar an gcúis sin, is laistigh den teorainn gheografach shonraithe a tharlaíonn gach céim táirgthe de 'Maraş Çöreği', a bhfuil cáil air atá ag teacht le cáil na cúige.

Taithí na gceardaithe: tá sárscileanna ag teastáil chun taos 'Maraş Çöreği' a ullmhú, chomh maith le rolladh, múnlú agus bácáil. Ba cheart go ndéanfadh ceardaithe a bhfuil na scileanna riachtanacha faighte acu i limistéar Kahramanmaraş 'Maraş Çöreği' a ullmhú agus a bhácáil.. Faigheann ceardaithe 'Maraş Çöreği' oiliúint ó luathaois. Tá sé á tháirgeadh ar bhonn tráchtála i monarchana in Kahramanmaraş agus á chur ar fáil do shaoránaigh Kahramanmaraş le 30 bliain anuas.

Tacaíonn an iliomad foinsí le cáil 'Maraş Çöreği'. I gcatalóg táirgí áitiúla a d'fhoilsigh Gníomhaireacht Forbartha na Meánmhara Thoir an 15 Meán Fómhair 2018, deir an t-údar Figen Gökşen Tok gur táirge áitiúil uathúil de chuid Kahramanmaraş é 'Maraş Çöreği', ar saintréith de a theicníc bácála oighinn cloiche agus úsáid crainn fuinte eitrithe atá déanta as adhmad crainn shleamhain. De bhreis air sin, leagann roinnt foinsí nuachta béim ar thábhacht chultúir agus stairiúil 'Maraş Çöreği". An 27 Márta 2023, d'fhoilsigh Haber Türk alt dar teideal 'Tescilli Maraş Çöreği Ramazan Sofraları İçin Hazırlanıyor', inar leagadh béim ar leanúnachas an traidisiúin. Ar an gcuma chéanna, thuairiscigh Gníomhaireacht Anadolu, an 29 Aibreán 2022, go ndéantar 'Maraş Çöreği' a thomhailt go forleathan le linn Ramadan, ar traidisiún é ar cuireadh tús leis le linn thréimhse na nOtamánach. In alt eile a foilsíodh in Haber Türk an 4 Iúil 2016, dar teideal *Another Name for the Holiday in Kahramanmaraş is 'Maraş Çöreği*, deimhnítear a thuilleadh nasc láidir an táirge le traidisiúin áitiúla agus le cleachtais áitiúla chultúir. Tugann na tagairtí sin bunús leis an gcáil sheanbhunaithe atá ar 'Maraş Çöreği' agus treisíonn siad a thásc geografach láidir.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

R-Fheasachán Oifigiúil Oifig Paitinní na Tuirce;

Uimhir an tsainchomhaid: C2016/089

Dáta an iarratais: An 19 Meán Fómhair 2016

Dáta a formheasadh é: An 13 Meitheamh 2018

Uimhir chlárúcháin: 361

Leathanach: 4